Coimisiún na Meán

# An Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil

# Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna: Ceisteanna Coitianta

Dáta foilsithe: 9 Lúnasa 2024

# STDA agus STC

## Ceisteanna Coitianta

Cad is brí le/a mheastar a bheith i gceist le 'teist láidir' i dtuairisciú daonlathais áitiúil? 3

Conas is féidir liom mo theist in iriseoireacht chun leas an phobail a léiriú? 3

An féidir le níos mó ná nuachtán áitiúil nó stáisiún raidió áitiúil amháin a bheith páirteach in iarratas?? 3

An féidir liom iarratas a dhéanamh ar na trí Scéim? 3

An féidir liom leas a bhaint as an Scéim/na Scéimeanna más saoririseoir/gníomhaireacht mé? 3

Cá fhad is féidir iriseoir a fhostú faoin STDA nó STC? 3

Clúdaíonn mo nuachtán dhá chúirt dúiche. An féidir liom iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú don chlúdach reatha seo? 3

Conas a dhéanaim iarratas? 4

An féidir deontais a thabhairt do níos mó ná tionscadal/iarratas amháin ó limistéar údaráis áitiúil? 4

An féidir an maoiniú faoi STDA nó STC a úsáid chun níos mó ná duine amháin a fhostú? 4

Is iriseoir saoránaigh/tionchaire ar na meáin shóisialta mé – an féidir liom iarratas a dhéanamh? 4

Costais 4

Inrochtaineacht 4

Bearta Coimhdeacha 5

Conas is féidir liom m'inbhuanaitheacht a léiriú/a thomhas? 5

An bhfuil cabhair ar fáil maidir leis an bpróiseas iarratais, go háirithe dóibh siúd nár chuir isteach ar mhaoiniú ón gCoimisiún roimhe seo? 5

An gcaithfidh tionscadal gach catagóir de na critéir mheasúnaithe a chomhlíonadh? 6

An féidir an maoiniú atá faighte agam a choinneáil príobháideach? 6

An bhfuil próiseas achomhairc ann d'iarratasóirí nár éirigh leo? 6

**Cad is brí le/a mheastar a bheith i gceist le 'teist láidir' i dtuairisciú daonlathais áitiúil?**
Éilítear faoi na Scéimeanna go mbeadh saineolas eagarthóireachta agus tiomantas d'iriseoireacht chun leas an phobail ag iarratasóirí – bíodh gur foilsitheoirí/craoltóirí nó saoririseoirí/gníomhaireachtaí seanbhunaithe iad. Ciallaíonn sé seo go bhfuil cuntas láidir acu ar ábhar a fhoilsiú nó a chraoladh faoi dhaonlathas áitiúil agus/nó tuairisciú cúirteanna.

**Conas is féidir liom mo theist in iriseoireacht chun leas an phobail a léiriú?**
Ba cheart go n-áireofaí i d'iarratas cóipeanna d'ailt/de chraoltaí/de naisc chuig ábhair ar líne a léiríonn go soláthraíonn iarratasóir/soláthraí seirbhíse meán clúdach leanúnach ar an daonlathas áitiúil agus ar thuairisciú cúirteanna áitiúla/réigiúnacha.

**An féidir le níos mó ná nuachtán áitiúil nó stáisiún raidió áitiúil amháin a bheith páirteach in iarratas??**
Is féidir, spreagann agus chuirfeadh na Scéimeanna fáilte roimh chomhoibriú i measc roinnt comhpháirtithe éagsúla sna meáin - mar shampla, dá rachadh nuachtán áitiúil amháin/dhá nuachtán áitiúla i gcomhpháirtíocht le stáisiún raidió áitiúil chun iriseoir a fhostú chun na cruinnithe údarás uirbeach/áitiúil, comhchoistí póilíneachta, fóraim sláinte réigiúnacha go léir ina gceantar a chlúdach.

**An féidir liom iarratas a dhéanamh ar na trí Scéim?**
Is féidir. Is féidir iarratais ar leith a dhéanamh ar an LDRS, ar an CRS agus ar na Bearta Coimhdeacha – Fócas ar Ábhair atá chun Leas an Phobail.

**An féidir liom leas a bhaint as an Scéim/na Scéimeanna más saoririseoir/gníomhaireacht mé?**
Is féidir, má dhéantar an t-iarratas i gcomhpháirtíocht le soláthraí/soláthraithe seirbhíse meán seanbhunaithe. Deirtear sna Scéimeanna nach mór asraon rialaithe a bheith ann trína bhfoilsítear/trína gcraoltar an t-ábhar.

**Cá fhad is féidir iriseoir a fhostú faoin STDA nó STC?**
Cuirfidh na Scéimeanna maoiniú ar fáil chun hiriseoir a fhostú nó chun huaireanta feabhsaithe iriseoireachta a chur ar fáil d'iriseoir páirtaimseartha nó d'iriseoir neamhspleách ar feadh tréimhse 12 mhí.

**Clúdaíonn mo nuachtán dhá chúirt dúiche i mo cheantar cheana féin. An féidir liom iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú don chlúdach reatha seo?**
Ní féidir, leagtar síos sa Scéim go gcaithfidh an t-á a mhaoinítear a bheith 'breise', i.e. sa bhreis ar a bhfuil á chlúdach faoi láthair. Má raibh do nuachtán ag clúdach trí chúirt dúiche roimhe seo , agus mura gclúdaíonn sé ach dhá cheann anois, d'fhéadfaí a mheas go bhfuil an clúdach athbhunaithe ar an tríú cúirt mar ábhar 'sa bhreis' faoin Scéim.

**Conas a dhéanaim iarratas?**
Is é an chéad chéim ná clárú trínár gcóras iarratais ar líne [cnam.submit.com]
Nuair a bheidh do chlárúchán ceadaithe is féidir leat dul isteach sa chóras iarratais agus tús a chur le d'iarratas a chruthú.
Ní mór iarratais a chur isteach tríd an tairseach iarratais agus ní mór iad a bheith faighte faoi 12 meán lae, an 17 Meán Fómhair.

**An féidir deontais a thabhairt do níos mó ná tionscadal/iarratas amháin ó limistéar údaráis áitiúil?**
Faoin STDA, leithdháilfear maoiniú ar bhonn geografach, i.e. i gcás maoiniú Bhabhta 1, tabharfar dámhachtain maoinaithe do gach ceann de na 31 limistéar údaráis áitiúil, faoi réir na caighdeáin chuí a chomhlíonadh. Na hiarratais lena gcomhlíontar cuspóirí an bhabhta maoinithe agus na Scéime ar an mbealach is fearr agus lena mbaintear amach na scóir is airde, deonófar maoiniú dóibh. Sa chomhthéacs sin, agus i bhfianaise leibhéal an mhaoinithe fhoriomláin atá ar fáil, is féidir go bhfaigheadh limistéir údaráis áitiúil áirithe níos mó ná deontas maoinithe amháin.

**An féidir an maoiniú faoi STDA nó STC a úsáid chun níos mó ná duine amháin a fhostú, e.g. uaireanta feabhsaithe do bheirt iriseoirí páirtaimseartha in ionad ról iriseoireachta lánaimseartha amháin?**
Is féidir– ní mór don phlean buiséid a sholáthraítear le hiarratas sonraí go leor a chur ar fáil do na róil atá á moladh.

**Is staraí áitiúil/iriseoir saoránaigh/tionchaire ar na meáin shóisialta mé – an féidir liom iarratas a dhéanamh?**
Ní féidir, ní mór d'iarratasóir cuntas láidir a bheith aige/aici maidir le hiriseoireacht chun leas an phobail a chruthú agus a fhoilsiú agus ní mór dó/di a bheith i gcomhpháirtíocht le soláthraí rialáilte seirbhíse meán a bhfuil teacht fíoraithe aige/aici maidir le lucht léitheoireachta, lucht éisteachta, etc. [Tá na Scéimeanna dírithe ar thacú le hiriseoirí oilte iriseoireacht inrochtana chun leas an phobail ar ardchaighdeán a chruthú.]

## Costais:

**Cén cineál costas ar féidir liom iarratas a dhéanamh orthu/éileamh a dhéanamh orthu i m'iarratas?**
Ní mór d'iarratais sonraí a sholáthar faoi na costais go léir a bhaineann le post an iriseora nó le ról an iriseora fheabhsaithe.
Is féidir forchostais suas le 10% de chostais bhunlíne a éileamh, ach ní mór iad a bheith mionsonraithe/miondealaithe san iarratas.
Ceadaítear costais incháilithe shonracha ar leithligh freisin, amhail tras-scríbhinní agus bearta chun ceanglais rochtana a chomhlíonadh.

**An gá dom iarratas a dhéanamh ar mhéid ar leith?**
Is gá, ní mór duit iarratas a dhéanamh ar mhéid ar leith, le buiséad miondealaithe a thaispeánann cá luíonn na costais.

**An maoineoidh na Scéimeanna oiliúint iriseoirí?**
Mar gheall ar nádúr speisialaithe an tuairiscithe cúirteanna, déantar foráil maidir le hoiliúint sna costais incháilithe faoi Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna (an scéim sin amháin).

## Inrochtaineacht

**Cad is gá dom a dhéanamh chun m’ábhar a dhéanamh inrochtana faoi théarmaí na Scéime?**
Ionas gur féidir le daoine atá dall nó ar a bhfuil lagú radhairc, nó atá bodhar nó ar a bhfuil lagú éisteachta, tuiscint a fháil air, ní mór ábhar digiteach maoinithe a chur ar fáil i bhformáid atá inghlactha le Rialacha

Rochtana an Choimisiúin. Mar shampla, ní mór fotheidil a bheith ag ábhar físe, agus mholfaimis freisin d'iarratasóirí tráchtaireacht fuaime agus/nó TCÉ (Teanga Chomharthaíochta na hÉireann) a bheith leabaithe.
Meastar gur costas incháilithe faoin Scéim é ábhar inrochtana a sholáthar agus ba cheart é a chur san áireamh i mbuiséad an iarratais. Eiseoidh an Coimisiún treoirlínte breise maidir leis an riachtanas seo.

- Ní mór go mbeidh tras-scríbhinn ag gabháil le haon ábhar maoinithe a cruthaíodh i bhformáid fuaime nó amhairc agus é á chur faoi bhráid an Choimisiúin. Is costas incháilithe é seo freisin.

## Bearta Coimhdeacha:

**Cad is brí le píosaí iriseoireachta i 'bhfoirm fhada'?**
Is éard is ábhar i bhfoirm fhada, de réir sainmhínithe, ábhar atá níos faide ná an meán-alt nuachtáin nó an mheán-mhír nuachta raidió. (Ailt níos faide le méideanna ábhair níos mó)
Is féidir leis a bheith ina shraith alt nó craoltaí a dhéanann iniúchadh ar cheist a bhaineann le leas an phobail ar bhealach níos doimhne ná mar is féidir ó lá go lá.
D'fhéadfadh sé freisin a bheith ina shraith alt ar líne, le físeán nó grafaicí leabaithe, chun ceist a iniúchadh agus a léiriú ar bhealach a mheallfaidh léitheoirí agus lucht féachana, agus a n-eolas ar ábhar a leathnú.
Nó is féidir leis a bheith ina phíosa iriseoireachta iniúchta agus sraith alt (i gcló/ar líne) nó sraith faisnéise raidió/faisnéise/podchraolta a bheith mar thoradh air.
Is ionann an rogha faoin Scéim agus ábhar trasardáin, e.g. sraith alt i gcló a fhoilsítear freisin ar shuíomh gréasáin soláthraí seirbhíse meán, má tá siad ar fáil, le hábhar físe breise, b'fhéidir.
Mar shampla, faoi na Bearta Coimhdeacha LDRS, d'fhéadfadh iarratasóir breathnú go domhain ar na héifeachtaí ar phobal a tharlaíonn mar gheall ar chinntí pleanála i ndiaidh a chéile a dhéanann a údarás áitiúil.
Faoi na Bearta Coimhdeacha CRS, d'fhéadfadh tionscadal iarratasóra, mar shampla, imscrúdú a dhéanamh ar na rátaí ionchúisimh/ciontaithe le haghaidh, cuir i gcás, drochíde sa teaghlach i gceantar cúirte ar leith.

**An mbaineann an maoiniú do bhearta coimhdeacha le hábhar nó le ról iriseoireachta?**
Murab ionann agus an LDRS nó an CRS, tacóidh an maoiniú do Bhearta Coimhdeacha le hábhar agus tionscadail e.g sraith alt/cláir faisnéise raidió/podchraoltaí/clár a fhiosraíonn saincheisteanna go domhain, seachas maoiniú do phost iriseora ann féin.

**An maireann an maoiniú do na bearta coimhdeacha ar feadh tréimhse 12 mhí chomh maith?**
Maireann

**Conas is féidir liom m'inbhuanaitheacht a léiriú/a thomhas?**
Ní mór d'iarratasóir achoimre a thabhairt ar na cleachtais a úsáideann sé/sí chun tionchar comhshaoil a ngníomhaíochtaí eagarthóireachta/táirgthe/foilsitheoireachta a laghdú.

**An bhfuil cabhair ar fáil ón gCoimisiún maidir leis an bpróiseas iarratais, go háirithe dóibh siúd nár chuir isteach ar mhaoiniú ón gCoimisiún roimhe seo?**
Is cinnte gur féidir linn cabhrú le daoine a thabhairt tríd an bpróiseas iarratais – trí cheisteanna, ríomhphoist, etc a fhreagairt – má tá aon rud ann nach dtuigeann tú. Ní féidir linn, áfach, aiseolas foirmiúil a thabhairt ar d'iarratas sula gcuirtear isteach é ná an cur chuige i leith do thionscadail a threorú mar go mbeadh sé seo míchothrom d'iarratasóirí eile.
Is féidir aon cheisteanna a chur chuig journalism@cnam.ie

**An gcaithfidh tionscadal gach catagóir de na critéir mheasúnaithe a chomhlíonadh?**
Ní mór d'iarratas na critéir ar fad den réamhchéim mheastóireachta (cáilíocht) a chomhlíonadh chun dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile.
Ní mór d'iarratas 50% ar a laghad a scóráil sa chéad chéim (cháilíochtúil) eile ansin lena mheas le haghaidh maoiniú.
Déanfaidh painéal saineolaithe neamhspleácha measúnú ar iarratais.
Má tá níos mó iarratais cháilithe ann ná na cistí atá ar fáil, tiocfaidh na critéir, mar atá leagtha amach i gcéim an mheasúnaithe straitéisigh, i bhfeidhm.
Déanfaidh painéal saineolaithe neamhspleácha measúnú ar iarratais.

**Nílim ag iarraidh go mbeadh eolas poiblí ar an maoiniú atá faighte agam. An féidir é sin a choinneáil príobháideach?**
Ní féidir, is coinníoll maoinithe é gur féidir leis an bpobal a aithint cá ndeachaigh airgead poiblí. [Creidimid go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis seo i gcás na hiriseoireachta toisc go bhfuil trédhearcacht fíorthábhachtach.] Coinneoimid faisnéis tráchtála a sholáthraíonn tú mar chuid den iarratas faoi rún, áfach. Tabhair faoi deara freisin go mbaineann RGCS agus Cosaint Sonraí lenár ngníomhaíochtaí go léir.

**An bhfuil próiseas achomhairc ann d'iarratasóirí nár éirigh leo?**
Níl, ach tabharfar aiseolas d'iarratasóirí nár éirigh leo maidir leis an gcuid ar theip leo ar a n-iarratais nó nár chomhlíon na critéir riachtanacha.